

Eleathanach 354

Dé Luain an 8 Meitheamh 2020

Duine eile ar líne gan a bhríste?

Is Feisire de Pharlaimint na hEorpa é Luke Ming Flanagan. Tá cónaí air i gContae Ros Comáin agus cosúil lena lán daoine eile tá sé ag obair sa bhaile faoi láthair.

An tseachtain seo caite, d'fhreastail sé ar chruinniú de choiste Phairlimint na hEorpa ar líne. Nuair a bhí an cruinniú thart, bhí gach duine ag caint faoi Luke toisc nach raibh aon bhríste le feiceáil air! Bhí sé ina sheomra leapa ag labhairt leis na daoine eile ar an gcoiste, ach níor thug sé faoi deara go raibh a chosa le feiceáil.

Deir sé go raibh sé amuigh ag rith sular thosaigh an cruinniú. Nuair a tháinig sé abhaile chuir sé léine air féin don chruinniú, ach ní raibh ach bríste gearr air. Agus níos measa ná sin, ní raibh an bríste gearr le feiceáil ar an scáileán!

Ní hé seo an chéad uair a tharla seo do dhuine ag obair sa bhaile. An cuimhin leat an scéal faoin iriseoir Will Reeve in *Eleathanach 351*?

Léine dheas!



Bríste gearr



Bhí snag ar Charlie Osbourne ar feadh tréimhse an-fhada!

Uaireanta agus sinn ag ithe nó ag ól an iomarca nó go róthapa tagann snag orainn. Ciallaíonn sin go mbíonn an diafram ag bogadh go tapa agus tagann aer amach ónár mbéal go tapa. Uaireanta bíonn “hic” le cloisteáil nuair a bhíonn snag orainn.

Go minic, bíonn cleas ag duine chun stop a chur leis an snag. Deir daoine go gcabhraíonn sé má ólann tú gloine uisce go mall. Deir daoine eile gur cheart d'anáil a choinneáil istigh ar feadh 30 soicind. Uaireanta ní oibríonn na cleasanna agus níl aon rogha againn ach fanacht go dtí go n-imíonn an snag!

I mí an Mheithimh sa bhliain 1922, tháinig snag ar Charlie Osbourne i Meiriceá. Níor oibrigh na cleasanna agus mhair an snag ar feadh 68 bliain agus thart ar 430 milliún “hic”. I mí Feabhra 1990, d'imigh an snag, ach tá ainm Charlie sa leabhar *Guinness World Records* don tréimhse is faide a bhí snag ar dhuine!

An bhfaca tú SpaceX sa spéir?

Is spásairí iad Robert Behnken agus Douglas Hurley agus bhí siad ar an roicéad *SpaceX* a thaistil ó Florida go dtí an Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta ar an 30 Bealtaine. Tá an stáisiún spáis 400km ón domhan.

Fiche nóiméad tar éis dóibh Florida a fhágáil bhí an roicéad le feiceáil sa spéir anseo in Éirinn. Thaistil an roicéad timpeall an domhain uair amháin agus bhí sé le feiceáil sa spéir arís tar éis a 10 a chlog.

Ní fhaca a lán daoine an roicéad mar go raibh sé ag taisteal go han-tapa ach bhí an deatach ón roicéad le feiceáil sa spéir ina dhiaidh.

Shroich Robert agus Douglas an stáisiún spáis slán sábhailte. Tá físeáin ar shuíomh *NASA* a thaispeánann iad ar an roicéad agus ansin ag an stáisiún spáis.



An deatach ón roicéad sa spéir

